

«An Lúibín»



15 Márta 2004



Nuachtlitir Choicísiúil



Teanga agus teifeach

There is an increasing tendency for immigration authorities throughout the world to use linguistic analysis to help determine who is a refugee. But a group of Australian linguists argues that too often the analysis is sloppy.

Scéal an-chonspóideach é nuair a bheartaíonn an Roinn Inimirce teifeach a chur ar ais chun tíre suaite. Is conspóidí fós an scéal nuair nach bhfuil de bhun leis an gcinneadh ach dornán focal nach bhfuil an blas ‘ceart’ orthu, agus an bhreith sin déanta ag teangaire nach bhfuil oilte ar an teangeolaíocht.

Seo ábhar ailt a scríobh Tim McNamara, ollamh le teangeolaíocht ag Ollscoil Melbourne, le haghaidh *Uni News* (23/2/04). Tharraing sé anuas mar shampla bean ar dhiúltaigh Roinn Inimirce na hAstráile dá hiarratas dídine ar chúiseanna teanga agus a raibh uirthi achomharc a dhéanamh dá bharr. Bean de na Seanaigh (*Shan*) í, mionlach Burmach a bhfuil spídiúlacht á déanamh orthu ag an rialtas míleata: de réir conarthaí idirnáisiúnta, is éigean don Astráil dídean a thairiscint do theifigh a bhfuil géarleanúint á déanamh orthu ina dtír féin. Tugadh í go dtí an Téalainn mar sclábhaí gnéis agus í ina déagóir; ina dhiaidh sin tugadh mar striapach go dtí an Astráil í.

B’ionann an cás seo agus a lán cásanna eile. Ní raibh cáipéisí ag an mbean; bhí an-tábhacht le ceist a náisiúntachta, toisc nach mbeadh ceart aici ar dhídean dá b’as an Téalainn í seachas Burma; thug sí seal ina lán tíortha; ar chúiseanna difriúla ní raibh cuntas cruinn teangeolaíochta le fáil ar na háiteanna a raibh sí ina cónaí, go háirithe toisc iad a bheith chomh suaite sin; baineadh fianaise as a cuid cainte chun a náisiúntacht a dheimhniú; bailíodh an fhianaise i rith agallaimh le cúnaimh teangaire. De ghnáth bheadh súil agat go mbeadh teanga na tíre ag an iarrthóir; caithfidh a scéal a bheith de réir a chéile freisin, agus caithfidh an t-iarrthóir eolas a bheith aige faoi chúrsaí logánta agus cultúir.

I gcás mar seo is gnách taifeadadh den agallamh a chur chun gníomhaireachta sa tSualainn, mar a bhfuil daoine a labhraíonn an teanga sin nó teanga atá gaolmhar léi, cé nach cosúil go bhfuil siad oilte ar anailísiú teangacha.

Dhiúltaigh an Roinn don iarratas; cuireadh achomharc faoi bhráid an Bhinse Athbhreithnithe. Bhí an diúltú ag brath ar scrúdú neamhfhoirmiúil a rinne cainteoir Burmaise agus cainteoir Téalainnise, daoine nár theangeolaithe iad; ar son na mná bhí cainteoir dúchais Seanaise. Glacadh leis an achomharc, agus lochtaigh an Binse an fhianaise bhunaídh go géar.

Bhí an sleamhchúis chéanna le haithint ar ocht gcás is caoga a bhain le daoine as an Afganastáin – cásanna a ndearna teangeolaithe Astrálacha anailís orthu. Dhiúltaigh an Roinn d’ocht n-iarratas dídine is dhá fhichid de bharr fianaise teanga. A mhalairt de bhreith a rinne an Binse: ghlac sé le daichead ceann de na hiarratas sin. Deir McNamara go gcuirfeadh seo in iúl go raibh an fhianaise theanga fabhtach. Ba léir do na teangeolaithe gurb amhlaidh a bhí an scéal. Ní dhearna na teangairí ach anailís gharbh, agus ba leor dornán focal chun iarratas a mhilleadh.

Deir an grúpa teangeolaithe a mbaineann Tim McNamara leo gur beag staidéar teangeolaíochta a rinneadh ar an réigiún idir an Phacastáin agus an Afganastáin, nár theangeolaithe oilte iad na daoine a rinne an chéad anailís, go raibh an anailís úd bunaithe ar athscríbhinní nach raibh aon chruinneas eolaíoch ag baint leo, agus gur mhinic an moladh ag brath ar thuiscint róchúng ar cad is foghraíocht cheart ann. Tugadh comhairle don Rialtas éirí as an anailís shleamchúiseach atá in úsáid anois; dúirt an Rialtas go raibh lánmhuinín acu inti. Deir McNamara go bhfuil an saghas seo anailíse ag éirí coitianta, agus gur cúis inní do theangeolaithe é. Ba dheacair gan aontú leis.

An Taibhse ar an stáitse

The Irish language has no long tradition of drama – just a little over a century. But now drama in Irish is flourishing, if only among the amateurs.

Ó am go chéile faigheann *An Lúibín* nuachtlitir an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta, agus na scórtha le feiceáil sna pictiúir – fir agus mná, óg agus aosta. Rud an-áitiúil is ea an drámaíocht seo, go háirithe sa Ghaeltacht, agus saghsanna difriúla á gcleachtadh – an gnáthdhráma, an dráma béaloideas, an t-agallamh fileata. Bíonn féilte drámaíochta ar siúl faoi choimirce an Chomhlachais timpeall na tíre, agus Féile Drámaíochta na gColáistí Triú Leibhéil ina measc. Tá stiúrthóir agus rúnaí feidhmeannach ag an gComhlachas, agus comhairleoirí agus léirmheastóirí ar fostú acu. Gheobhaidh tú léirmheas ar do script, triail stáitse agus caoi ar athscríobh a dhéanamh.

Tá idir dhrámaíocht amaitéarach agus dhrámaíocht phroifisiúnta ann, agus teorainn dhoiléir eatarthu uaireanta. Roinn blianta ó shin d'fhoilsigh Foinse sraith alt faoin drochbhail a bhí ar dhrámaíocht na Gaeilge – sraith a tharraing chonspóid. Dúradh gur beag Gaeilge a bhí ag na haisteoirí ba chumasá, agus gur beag cumas aisteoireachta a bhí ag na cainteoirí ba líofa. Ar chompántais phroifisiúnta nó leathphroifisiúnta ar nós na Taidhbheirce ba mhó a bhí aird shearbh an scríbhneora. Is cuimhin leis *An Lúibín* léiriú a fheiceáil sa Taibhdhearc sna nóchaidí a bhí ag cur go hiomlán le clú neamhchinnte na háite i dtaca le míchothroime an chaighdeáin, dea-Ghaeilge agus drochGhaeilge i dteannta a chéile, aisteoireacht ghreanta agus tútachas. Ní raibh focal Gaeilge i bpluc an stiúrthóra, ach rinne sé a dhícheall leis an ábhar a bhí in aice láimhe. Ba mhór an chabhair do dhrámaíocht na Gaeilge aon chompántas proifisiúnta amháin a bheith ann a bhí i gcumas drámaí a léiriú le héifeacht agus le samhlaíocht ó cheann ceann na bliana. Idir an dá linn bímis sásta le corriarracht fhiúntach.

Slat tomhais eile atá ag teastáil i gcás na drámaíochta amaitéaraí. Seo daoine a thagann le chéile ar son cuideachta agus craice, rudaí atá chomh tábhachtach acu leis an léiriú féin. Ní bheadh súil agat le seiftiúlacht intinne ná le hardsamhlaíocht sa chás seo, cé go bhfuil léiriú snasta le feiceáil ó am go chéile. Cuidíonn an dá shaghas drámaíochta lena chéile; tá cothú na ceirde sna hamaitéaraigh agus tá an caighdeán (más fíor) ag an dream proifisiúnta.

Níor éirigh le drámaíocht na Gaeilge iontas a chur ar an saol go fóill. Tá fuinneamh éigin ag baint léi, agus aidhmeanna fiúntacha ag lucht a cleachta; anois agus arís faigheann léiriú éigin ardmholadh. Ach níor tháinig aon drámadóir mór an treo ná níl aon chompántas ann a bhainfeadh geit agus suaitheadh as an domhan. Ná bainimis ár ndúil fós de – nílimid ach i dtús oibre.

An té arb áil leis a bhreith féin a thabhairt agus é in Éirinn an mhí seo is féidir leis na drámaí a leanas a fheiceáil:

Béal a' Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo: Cumann Drámaíochta Chois Fharraige ag léiriú '**Ar Shlí na Fírinne**' sa Mheánscoil ar an 27 Márta 2004.

Bré, Co. Chill Mantáin: Compántas Drámaíochta an Bhéil Bhinn ag léiriú '**Ualach an Uaignis**' le Martin McDonagh (Micheál Ó Conghaile a d'aistrigh) sa 'Mermaid Arts Centre' ar 19 Márta 2004.

Féach: www.drama-gaeilge.com

Céile Dé

The mind chatters; the heart seeks peace. All the great creeds have their contemplative tradition. The oldest is that of Hinduism, continuing into Buddhism. In Ireland the céilí Dé (companions of God) withdrew from the monastery itself, seeking the infinite in the natural world.

An manach ina shuí, a chosa fillte ar a chéile, a cheann in airde, é ar a chorr. É ag tarraingt a anála isteach agus á cur amach, é san airdeall i gcónaí. Foghlaimíonn sé conas bheith aireach faoin gcaoi a bhfuil an anáil ag teacht agus ag imeacht, aireach faoin gcorp go léir mar rud ann féin, é ag ciúnú na hintinne, ag cur na sainte agus na hanacra i leataobh. Sin mar a chuireann an *Anapanasati Sutta* síos air – *sutta* nó teagasc Búdach a scríobhadh san India fadó.

Tá an manach ar thóir an chuid is doimhne de; an eagna agus an ciúnas atá laistigh de gach duine. Níos minice ná a chéile ceilimid an chuid sin dá nádúr orainn féin. Bíonn an intinn corraithe, suaite, ag cabaireacht gan stad. Bíonn sí ag meas gach a bhfuil ina timpeall de réir mar a d'fhéadfadh sé sochar nó dochar a dhéanamh di, ag fiafraí an bhfuil baint aige léi. Féiniúlacht fhalsa nó 'mise' a fháiscítear as an aird seo orainn féin. Tugaimid breith ar na rudaí atá á meas againn, agus bímid ceangailte iontu dá bharr – seachmhall (ar nós scannáin) a chruthaímid dúinn féin.

Trí tharraingt na hanála agus trí bheith aireach faoi mhothuithe an choirp tá an manach ag éalú ó chabaireacht na hintinne agus ag dul amach ar shíorchlaochlú an choirp agus na cruinne. Athraíonn agus imíonn gach rud ach amháin an bunús: an Eagna éadomhaiste.

I bhfásaigh an Mheánoirthir a nocht na díthreabhaigh ar dtús, traidisiún a thug an Chríostaíocht léi go dtí Éire. D'fhág an dúil seo san uaigneas a rian ar an bhfilíocht Ghaeilge is luaithe; b'ionann í agus dúil sa dúlra:

Tecat cáinfinn, corra, faílinn
fos-cain cúan
ní céol ndogra, cerca odra
a fráech rúad

Tagann éin chaoinflionna, corra, faoileáin; labhrann an mhuir leo - ní ceol doghrach é; cearca odhra as fraoch rua.

Mhair traidisiún sin na gcéilí Dé in Éirinn chomh fada leis an gceathrú haois déag, más fíor: manaigh ar lorg dídine san iargúil chun rinnfheithemh a dhéanamh, iad ag seachaint saoil a bhí ag éirí níos suaite in aghaidh an lae. Faoin am sin ní raibh an fhilíocht úd á cumadh a thuilleadh. Bhí an chéad úire iontach cailte.

Is é an rinnfheithemh, an dianmhachnamh, bunús an Bhúdachais. Ní hamhlaidh don Chríostaíocht, don Ioslamachas ná don Ghiúdachas é. Sa Chríostaíocht is iad na hoird amháin a dhéanann é de ghnáth; sa Bhúdachas is iad na manaigh is déine a dhéanann é, cé gur cheart do gach Búdach tabhairt faoi. Más iad na manaigh amháin, nó cuid acu, a rinne in Éirinn é d'fhág siad a rian ar an dúchas tríd, cé nach bhfuil sa dúchas féin ach rud a thagann agus imíonn ar nós na hanála, ar nós beatha ar bith. Mar a dúirt Ghandi, má théann tú amach ar do chreideamh féin bíonn dul amach agat ar gach creideamh eile. Níl an Fhírinne ceangailte d'aon teagasc amháin; agus de bharr a chumas dianmhachnamh a bhí amharc chomh glinn sin sin ag an gcéile Dé ar a raibh ina thimpeall – binneas mara, dath na n-éan.



Luaitheach fir

On Easter Monday the ashes of Proinsias Mac Aonghusa will be scattered at Cnoc Mordán in the Conamara Gaeltacht – the earthly remains of a notable and pugnacious journalist.

Is gearr ó cailleadh Proinsias Mac Aonghusa, cainteoir dúchais agus fear neamhchoitianta: radacach, náisiúnaí, iriseoir conspóideach, . Beidh Aifreann i seipéal Ros Muc Luan Cásca ar a shon, agus spréifear a luaitheach ar Chnoc Mordán. Saol fada a bhí aige, agus ba mhinic nach raibh a dhearcadh ag teacht le tuairimí an phobail choimeádaigh sheanChaitlicigh a bhí ina thimpeall. Bhí sé le cloisteáil ar an raidió agus le feiceáil ar an teilifís, agus is iomaí alt a scríobh sé; i ndeireadh a shaoil bhí colún rialta aige ar *Feasta* faoi chúrsaí polaitíochta. Bhí baint aige le Páirtí an Lucht Oibre agus thug sé seal san Afraic thar ceann na Náisiún Aontaithe.

Gaeilge ghlan ghonta a bhí aige – uirlis an-fhóinteach chun a cheird a chleachtadh - agus tá blas a shaothair le fáil go maith ar leabhar a tháinig amach sa bhliain 1983: *Gaillimh agus Aistí Eile* (An Clóchomhar Teo, BÁC). Is ann a gheobhaidh tú an luí a bhí aige le sairse intinne agus tuairimíochta, a chuid sóisialachais agus poblachtánachais, tuairisc ar Mháirtín Ó Cadhain, ar Bhreandán Ó Beacháin agus eile, agus a spéis i gcúinsí na mban (rud nach gnách lena leithéidí). Gheobhaidh tú freisin alt ar *Gaillimh*, an chathair ab ansa leis, agus giotáí as cín lae Afracach. Agus, ar ndóigh, gheobhaidh tú an inní a bhí air faoi chás agus chinniúint na Gaeilge.

Daoine fánacha deasa, sin nó lucht an chur i gcéill, is mó atá anois ag plé le polaitíocht na Gaeilge agus ní mór an aird a thugtar orthu: lucht curtha caorach thar aibhne a bhformhór mór. Máirtín Ó Cadhain an duine deireanach de mhuintir na Gaeilge a bhí in ann faitíos a n-anama a chur ar lucht údaráis...

D'imigh an duine; fanann na focail.

